

Painéal Saoránach na Liotuáine ar Thodhchaí na hEorpa

Tuarascáil

Tá an tuarascáil seo roinnte ina ceithre chuid. Baineann an chéad chuid leis an dóigh inar eagraíodh an t-imeacht. Leagtar amach na moltaí do bheartais náisiúnta an Aontais agus na Liotuáine, arna gceapadh ag rannpháirtithe an Phainéil Saoránach sa dara cuid. Sa tríú cuid, déantar anailís ghairid ar an bplé a rinneadh sna grúpaí agus ar phríomhthorthaí an phainéil. Sa cheathrú cuid, cuirtear torthaí an Phainéil Saoránach i gcomparáid le torthaí na suirbhéanna a d'fhreagair saoránaigh na Liotuáine maidir le staid agus le todhchaí na hEorpa.

1. Eagrú an Phainéil Saoránach Náisiúnta

Tar éis treoir a fháil ón gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa chun Painéil Saoránach Náisiúnta a eagrú i mí na Nollag 2021, d'fhorbair craobh na Liotuáine den ghníomhaireacht taighde Kantar TNS, thar ceann na hAireachta Gnóthaí Eachtracha, modheolaíocht chun roghnú randamach, srathaithe agus ionadaíoch a dhéanamh ar shaoránaigh na Liotuáine, agus ar an mbonn sin, roghnaigh Kantar TNS 25 saoránach ón Liotuáin, idir 18 agus 65 bliain d'aois, as grúpaí difriúla socheacnamaíocha agus as réigiúin gheografacha uile na Liotuáine¹.

An 4 Eanáir, tugadh cuireadh do na saoránaigh chuig seisiún oscailte fíorúil, inar cuireadh i láthair an smaoineamh taobh thiar den Phainéal Saoránach Náisiúnta agus inar pléadh na topaicí is ábhartha i ndáil le todhchaí na hEorpa. Tar éis an imeachta, fuair na rannpháirtithe doiciméad inar cuireadh síos ar an saincheisteanna a pléadh ar bhealach níos mionsonraithe agus inar tugadh na foinsí faisnéise.

An 15 Eanáir, thionóil an Aireacht Gnóthaí Eachtracha an Painéal Saoránach Náisiúnta ar Thodhchaí na hEorpa. Is iad an Aireacht Gnóthaí Eachtracha, Lárionad Staidéir Oirthear na hEorpa (EESC) agus gníomhaireacht taighde Kantar TNS a d'eagraigh an ócáid. Ghlac na 25 saoránach a roghnaíodh páirt ar an láthair féin.

Phléigh rannpháirtithe an phainéil dhá shaincheist beartais AE: cén **ról** ba cheart a bheith **ag an Aontas agus cad iad na cumhachtaí ba cheart a bheith aige i ndáil leis an mbeartas eachtrach**, agus cén **ról eacnamaíoch** ba cheart a bheith aige. Le linn an imeachta, díriodh seisiún ar leith ar gach ceann de na topaicí sin, agus ag tús an tseisiúin, thug saineolaithe beartais AE, Linas Kojala (EESC) agus an tOllamh Ramūnas VILPIŠAUSKAS (Ollscoil Vilnias) roinnt eolais do na saoránaigh faoi na saincheisteanna a bhaineann le hábhar an tseisiúin. Bhí na saoránaigh in ann ceisteanna a chur agus a dtuairimí a roinnt. Tar éis na bhfocal tosaigh ón saineolaí, cuireadh na rannpháirtithe i dtírí ghrúpa níos lú agus bhí na grúpaí sin mar shampla ionadaíoch, agus bhí ar gach grúpa a mharana a dhéanamh faoi cheist dhifriúil a bhain le topaic an tseisiúin. Le linn an tseisiúin maidir leis an mbeartas eachtrach, pléadh na ceisteanna seo a leanas:

- 1.1. An bhfuil gá le beartas eachtrach agus cosanta uathrialach AE?
- 1.2. Cén cineál caidrimh ar cheart a bheith ag an Aontas lena chomharsana in Oirthear na hEorpa, leis an Afraic Thuaidh agus leis an Tuirc?
- 1.3. Cén cineál beartas imirce ar cheart a bheith ag an Aontas?

Tugadh aghaidh ar na ceisteanna seo a leanas sa seisiún maidir le ról eacnamaíoch an Aontais:

- 2.1. An gá níos mó cistí a athdháileadh faoi bhuiséad an Aontais, agus le haghaidh comhshachtaíochta an Aontais?
- 2.2. Ar cheart caighdeán shóisialta a rialáil ar leibhéal an Aontais?
- 2.3. Cén dóigh ar féidir geilleagar an Aontais a neartú?

Ag deireadh an tseisiúin, bhí ar gach grúpa na príomhchonclúidí óna bplé a chur le chéile, i bhfoirm ráitis phrionsabail nó tograí níos nithiúla maidir le saincheisteanna reatha a bhaineann le beartais AE. Ansin, le linn an phlé ghinearálta, chuir ionadaí ó gach grúpa na conclúidí sin i láthair na rannpháirtithe eile ar an bpainéal, agus bhí na rannpháirtithe ó na grúpaí eile in ann ceisteanna a chur agus moltaí a thabhairt chun cur leis na tograí. Tar éis an chur i láthair agus an phlé, vótáil na saoránaigh ina n-aonar i bhfabhar dhá

¹ Roghnaíodh saoránaigh a rinne ionadaíocht ar chathracha Vilnias, Kaunas, Klaipėda, Šiauliai agus Panevėžys agus ar chontaetha Vilnias, Kaunas, Klaipėda, Šiauliai, Panevėžys, Alytus, Marijampolė, Tauragė, Telšiai agus Utena, de réir na sonraí ó Roinn Staidrimh na Liotuáine.

chonclúid: an togra nó an ráiteas is tábhachtaí chun ról na Liotuáine san Aontas a neartú agus chun go n-éireoidh leis an Aontas féin san Eoraip; agus an ráiteas nó an togra is tábhachtaí ó thaobh dea-bhail phearsanta an rannpháirtí mar dhuine a raibh cónaí air nó uirthi san Aontas. Bhí plé ann tar éis na vótála ina ndearnadh achoimre ar na príomhsmaointe a d'eascair as an bPainéal Saoránach Náisiúnta.

Le linn na seachtaine tar éis an imeachta, scrúdaigh na saineolaithe ábhar an phlé agus chuir siad snas ar na smaointe a chuir na saoránaigh chun cinn. Bhí seisiún achomair fíorúil ar siúl an 25 Eanáir inar cuireadh na moltaí a d'eascair as an méid a phléigh siad os comhair na saoránach. Bhí deis ag na saoránaigh a rá cibé acu ar thacaigh siad leis na moltaí nó nár thacaigh, cur leis na moltaí agus iad a rangú. Bhí an deis seo ar fáil do na rannpháirtithe uile ar feadh aon seachtaine amháin tar éis an tseisiúin achomair, agus le linn na seachtaine sin, bhí siad in ann a dtuairimí agus a mbarúlacha a chur i scríbhinn chuig lucht eagraithe an phainéil.

2. *Torthaí an Phainéil Saoránach Náisiúnta*

Cuirtear torthaí an Phainéil Saoránach Náisiúnta i láthair sa chuid seo den tuarascáil, i.e. na moltaí agus na ráitis ó na meithleacha maidir le ról an Aontais sa bheartas eachtrach agus sa gheilleagar.

An chéad seisiún: Ról agus cumhachtaí an Aontais sa bheartas eachtrach

1. Iarraimid ar an Aontas beartas níos éifeachtaí a fhorbairt i leith na Síne. Caithfear tacaíocht níos láidre a thabhairt don Liotuáin, ach ba cheart don Liotuáin iarracht níos fearr a dhéanamh chun go mbeidh a seasamh i gcomhréir le seasamh a comhpháirtithe san Aontas. Chun comhréireacht leasanna níos éifeachtaí a chinntiú san Aontas agus chun go mbeidh beartas aontaithe ann maidir leis an tSín, agus le saincheisteanna eile a bhaineann leis an mbeartas eachtrach, molaimid féachaint an féidir Aire AE do Ghnóthaí Eachtracha a chruthú.
2. Molaimid féachaint arís, ar leibhéal an Aontais, ar chóras cuótaí a bhunú d'imirce.
3. Molaimid coimisiún a bhunú ar leibhéal an Aontais chun dul i ngleic le dúshlán na himirce, chur freagairt níos gasta ar ghéarchéimeanna imirce a chinntiú, chun ceart na mBallstát a leasanna náisiúnta a mhíniú agus a chosaint a ráthú, agus chun treoirlínte comhchoiteanna a dhréachtú agus a chur chun feidhme le haghaidh bainistiú imirce.
4. Molaimid na naisc eacnamaíocha agus dhaonnúla le tíortha na hAfraice Thuaidh a neartú, aird a thabhairt ar a gcásanna polaitiúla, go háirithe d'fhonn tionchar na Síne, na Rúise agus tíortha eile ar an réigiún a laghdú.
5. Molaimid na naisc le Oirthear na hEorpa a neartú agus bearta eacnamaíocha a chur chun cinn a rachaidh i bhfeidhm ar dhaoine aonair.
6. Iarraimid smachtbhannaí níos déine agus níos spriocdhírthe ón Aontas i gcoinne eintitis eachtracha agus go n-áireofaí na daoine lárnacha ón stát a fhorchuirtear smachtbhannaí air orthu sin (e.g. ceannairí polaitiúla).
7. Iarraimid go mbunófaí comhbheartas eachtrach agus slándála an Aontais ar bhunphrionsabal na dlúthpháirtíochta idir Ballstáit éagsúla an Aontais agus réigiúin agus sochaithe na hEorpa.
8. Molaimid don Aontas athbhreithniú a dhéanamh ar a bheartas imirce, a bhí oscailte go dtí seo, agus a bhfuil fadhbanna slándála á gcruthú dá bharr, atá ag cur leis an gcoireacht agus ag cruthú comhphobail iata sa tsochaí.
9. Iarraimid ar an Liotuáin a bheith níos gníomhaí maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an mbeartas imirce agus tús a chur le plé faoi dhúshlán imirce.
10. Molaimid don Aontas beartas gníomhach dian a shaothrú maidir le stáit a bhaineann úsáid as sreabha imirce mar uirlis le haghaidh ionsaithe hibrideacha, trí smachtbhannaí níos déine a fheidhmiú d'aon toil agus labhairt leis na stáit sin chun an lasair a bhaint den bharrach.

An dara seisiún: Ról eacnamaíoch an Aontais

1. Molaimid don Aontas bearta éagsúla a dhéanamh chun slándáil soláthair earraí tábhachtacha a fheabhsú: tús áite a thabhairt do thrádáil laistigh den Aontas, monarú táirgí ardteicneolaíochta a chur chun cinn agus foinsí allmhairithe a éagsúlú a thuilleadh. Molaimid freisin leanúint de mhargaí onnmhairíochta nua a lorg.
2. Molaimid athbhreithniú a dhéanamh ar an gcur chuige maidir le conarthaí gáis nádúrtha, chun conarthaí

fadtéarmacha agus gearrthéarmacha araon a fháil. Molaimid tuilleadh éagsúlú a dhéanamh ar na foinsí soláthair fuinnimh.

3. Molaimid measúnú a dhéanamh ar bhearta an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus ar chur chun feidhme na mbearta sin, agus ar na hiarmhairtí socheacnamaíocha diúltacha a d'fhéadfadh a bheith ag gabháil leis á gcur san áireamh. Agus muid ag obair chun cuspoirí an Chomhaontaithe Ghlais a bhaint amach, molaimid fuinneamh núicléach agus gás nádúrtha a úsáid chomh maith le foinsí inathnuaite fuinnimh.
4. Cuirimid i bhfios go láidir go bhfuil sé ríthábhachtach go n-urramóidh na Ballstáit uile tosaíocht dhlí an Aontais. Iarraimid ar an Liotuáin seasamh soiléir ar bhonn prionsabail a ghlacadh ina leith sin.
5. Molaimid don Liotuáin níos mó úsáide a bhaint as dea-chleachtais i dtíortha an Aontais, chun a spriocanna maidir le caighdeáin shóisialta níos airde, forbairt ghnó agus forbairt chothrom inbhuanaithe a bhaint amach.
6. Molaimid níos mó béime a chur ar an gcibearshlándaíl a fheabhsú, lena n-áirítear cosaint an bhonneagair sonraí.
7. Molaimid don Aontas agus dá Bhallstáit tús áite a thabhairt do chur chun cinn na litearthachta eacnamaíche i measc na saoránach, don oideachas agus do scaipeadh faisnéise.
8. Molaimid go mbeadh caighdeáin uailmhianacha shóisialta, saothair agus sláinte i gcomhaontuithe trádála nua an Aontais. Molaimid treoirlínte a leagan síos ar leibhéal an Aontais maidir leis an méid is gá a dhéanamh ó thaobh na n-ardán sóisialta de agus maidir leis an méid nach féidir leo a dhéanamh agus faisnéis úsáideora agus sonraí pearsanta á mbainistiú acu.
9. Molaimid féachaint arís ar chomhiasachtaíocht ar leibhéal an Aontais, d'fhonn coinníollacha níos fabhraí a chruthú maidir le hiasachtaíocht. Molaimid freisin beartais freagracha a bheith inbhuanaithe ó thaobh airgeadais de a cheapadh lena laghdófaí riachtanas na mBallstát iasachtaí a fháil.
10. Molaimid an maoirseacht a dhéantar ar ionsú agus ar úsáid chistí an Aontais a neartú, ag tosú le bardais, agus an cleachtas reatha maidir le coigeartú a dhéanamh ar an úsáid a bhaintear as cistí a neartú. Ó tharla gur féidir imthosca oibiachtúla thairbhíthe an chistithe ón Aontas athrú, is den ríthábhacht é go mbeidh cothromaíocht ann idir an gá atá le trédhearcacht agus an gá atá le solúbthacht.
11. Molaimid don Liotuáin leanúint d'fhorbairt ghnó agus d'infheistíocht a chur chun cinn ina réigiúin.

3. Anailís ar an bplé a bhí ag an bPainéal Saoránach Náisiúnta agus ar thorthaí an Phainéil

Rinne na rannpháirtithe sa Phainéal Náisiúnta Saoránach a marana ar na saincheisteanna is tábhachtaí a bhaineann leis an Liotuáin faoi láthair (na cinn a phléitear go forleathan sa pholaitíocht náisiúnta agus sna meáin) agus ar na réitigh a d'fhéadfadh a bheith orthu. Léiríodh sa vóta ar na conclúidí is tábhachtaí ón bpainéal gur tugadh 45 % de líon iomlán na vótaí sa dá sheisiún araon do thograí maidir le dhá thopaic: an caidreamh leis an tSín agus bainistiú sreabh imirce (féach an tábla thíos). Tugadh cuid mhór airde ar shaincheist an bheartais fuinnimh freisin: cé nach raibh ach aon togra amháin ann ar an ábhar sin, fuair sé beagnach 10 % de vótaí na rannpháirtithe. Tugtar le tuiscint leis na torthaí vótála sin gur féidir dearcadh na saoránach ar thodhchaí na hEorpa a chinneadh de réir na bhfadhbanna polaitiúla (náisiúnta) atá ann cheana agus cúrsaí reatha.

Moladh	Vótaí
An chéad seisiún: Ról agus cumhachtaí an Aontais sa bheartas eachtrach	
1. Iarraimid ar an Aontas beartas níos éifeachtaí a fhorbairt i leith na Síne. Ní leor an tacaíocht atá á tabhairt don Liotuáin faoi láthair, ach níl a dhóthain déanta ag an Liotuáin ach oiread chun a seasamh a chur i gcomhréir le seasamh a comhpháirtithe san Aontas. Chun comhréireacht leasanna níos éifeachtaí a chinntiú san Aontas agus chun go mbeidh beartas aontaithe ann maidir leis an tSín, agus le saincheisteanna eile a bhaineann leis an mbeartas eachtrach, molaimid féachaint an féidir Aire AE do Ghnóthaí Eachtracha a chruthú.	11 vóta (22.9 %) <i>Ochtar a dúirt go raibh seo tábhachtach don Eoraip ina biomláine, dar le triúr go raibh sé tábhachtach ar bhonn pearsanta</i>
2. Molaimid féachaint arís, ar leibhéal an Aontais, ar chóras cuótaí a bhunú d'imircigh.	9 vóta (18.8 %) <i>Naonúr a dúirt go raibh</i>

	<i>seo tábhachtach don Eoraip ina biomláine</i>
3. Molaimid coimisiún a bhunú ar leibhéal an Aontais chun dul i ngleic le dúshlán na himirce, chur freagairt níos gasta ar ghéarchéimeanna imirce a chinntiú, chun ceart na mBallstát a leasanna náisiúnta a mhíniú agus a chosaint a ráthú, agus chun treoirlínte comhchoiteanna a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun bainistiú a dhéanamh ar imircigh.	7 vóta (14.6 %) <i>Triúr a dúirt go raibh seo tábhachtach don Eoraip ina biomláine, dar le ceathrar go raibh sé tábhachtach ar bhonn pearsanta</i>
4. Molaimid na naisc eacnamaíocha agus dhaonnúla le tíortha na hAfraice Thuaidh a neartú, aird a thabhairt ar a gcásanna polaitiúla, go háirithe d'fhonn tionchar na Síne, na Rúise agus tíortha eile ar an réigiún a laghdú.	6 vóta (12.5 %) <i>Dar le seisear go raibh sé tábhachtach ar bhonn pearsanta</i>
5. Molaimid na naisc le Oirthear na hEorpa a neartú agus bearta eacnamaíocha a dhéanamh a rachaidh i bhfeidhm ar dhaoine aonair.	5 vóta (10.4 %) <i>Dar le cúigear go raibh sé tábhachtach ar bhonn pearsanta</i>
An dara seisiún: Ról eacnamaíoch an Aontais	
1. Molaimid don Aontas réimse céimeanna a ghlacadh chun slándáil soláthair earraí tábhachtacha a fheabhsú: tús áite a thabhairt do thrádáil laistigh den Aontas, monarú táirgí ardteicneolaíochta a chur chun cinn san Aontas agus foinsí allmhairithe a éagsúlú a thuilleadh. Molaimid freisin leanúint de mhargáí onnmhairíochta nua a lorg.	9 vóta (19.6 %) <i>Triúr a dúirt go raibh seo tábhachtach don Eoraip ina biomláine, dar le seisear go raibh sé tábhachtach ar bhonn pearsanta</i>
2. Molaimid athbhreithniú a dhéanamh ar an gcur chuige maidir le conarthaí gáis nádúrtha, chun conarthaí fadtéarmacha agus gearrhéarmacha araon a fháil. Molaimid tuilleadh éagsúlú a dhéanamh ar na foinsí soláthair fuinnimh.	9 vóta (19.6 %) <i>Naonúr a dúirt go raibh seo tábhachtach don Eoraip ina biomláine</i>
3. Molaimid measúnú a dhéanamh ar bhearta an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus ar chur chun feidhme na mbeart sin, agus ar na hiarmhairtí socheacnamaíocha diúltacha a d'fhéadfadh a bheith ag gabháil leis á gcur san áireamh. Agus muid ag obair chun cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais a bhaint amach, molaimid fuinneamh núicléach agus gás nádúrtha a úsáid chomh maith le foinsí inathnuaite fuinnimh.	6 vóta (13 %) <i>Dar le seisear go raibh sé tábhachtach ar bhonn pearsanta</i>
4. Cuirimid i bhfios go láidir go bhfuil sé tábhachtach go n-urramóidh na Ballstáit uile tosaíocht dhlí an Aontais. Iarraimid ar an Liotuáin seasamh soiléir ar bhonn prionsabail a ghlacadh ina leith sin.	4 vóta (8.7 %) <i>Beirt a dúirt go raibh seo tábhachtach don Eoraip ina biomláine, dar le beirt eile go raibh sé tábhachtach ar bhonn pearsanta</i>

Thairis sin, ní de chineál *ad hoc* iad na saincheisteanna sin is tábhachtaí ag na saoránaigh - an caidreamh leis an tSín, imirce agus fuinneamh: beidh tionchar mór ag an gcaoi a réiteofar iad ar thodhchaí fhadtéarmach na hEorpa. Dá réir sin, ní fadhb é má thugann saoránaigh tús áite do chúrsaí reatha agus iad ag smaoineamh faoin todhchaí. Ós rud é gur i gcuid mhór céimeanna beaga a thógfear an todhchaí, ag tosú inniu, is réamhriachtanas é go dtuigfí na bun-nithe a bhfuil coinne ag na saoránaigh leo sa ghearrthéarma chun go mbeifí in ann próisis fhadtéarmacha a bhainistiú agus fadhbanna a réiteach ar bhealach inbhuanaithe. Tá an réasúnaíocht sin mar bhonn don anailís thíos ar phríomhthorthaí an Phainéil Saoránach Náisiúnta.

Chuaigh an líon ab airde vótaí (11 vóta, nó gar do 12 %) chuig an ráiteas go bhfuil **beartas níos éifeachtaí ag teastáil ón Aontas i leith na Síne**. Cuimsíodh roinnt ráiteas níos sonraí sa chonclúid fhoriomlán sin. Ar an gcéad dul síos, chuir na rannpháirtithe i bhfios go láidir nár leor an tacaíocht a thug an tAontas don Liotuáin go dtí seo, agus an tír faoi bhrú eacnamaíoch ón tSín. Ar an dara dul síos, chuir ionadaithe an ghrúpa a thug an chonclúid uathu i dtreis go raibh sé riachtanach go gcuirfeadh an Liotuáin go mór leis an gcomhordú a dhéantar lena comhpháirtithe san Aontas ar a beartas i leith na Síne,

go háirithe toisc go raibh tábhacht ag baint le trádáil leis an tSín don Aontas ina iomláine. Ar an tríú dul síos, dar leis na saoránaigh, dá gcruthófaí post d'Aire AE do Ghnóthaí Eachtracha go gcabhródh sin le seasaimh a chomhordú agus comhbheartais maidir leis an tSín agus le saincheisteanna eile a mhúnlú ar bhealach níos éifeachtaí. Shainaithin ochtar rannpháirtithe go raibh tábhacht ar leith ag baint leis an gconclúid don Eoraip ina hiomláine agus dar le triúr rannpháirtithe go raibh tábhacht ag baint leis an gconclúid dóibh féin go pearsanta.

Tá an tsaincheist maidir leis an gcaidreamh leis an tSín dlúthnasctha le dhá thogra eile ar thug na saoránaigh líon ard vótaí dóibh. Vótáil naonúr rannpháirtithe i bhfabhar na conclúide ar thángthas uirthi le linn an dara seisiún, sé sin, **nach mór don Aontas slándáil an tsoláthair a neartú** (léirigh triúr rannpháirtithe go raibh tábhacht mhór ag baint leis seo don Eoraip ina hiomláine agus dar le seisear eile go raibh tábhacht ag baint leis an gconclúid dóibh féin go pearsanta). Cuimsíodh roinnt gnéithe sa chonclúid seo freisin. Ar an gcéad dul síos, chuir na rannpháirtithe i bhfios go láidir gur gá tús áite a thabhairt do mhargáí an Aontais, a raibh soláthraithe iontaofa agus caighdeán níos airde táirgí mar shainghné acu. Ar an dara dul síos, chuir na rannpháirtithe i bhfios go láidir nach mór acmhainneachtaí táirgeachta ardteicneolaíochta a chur chun cinn laistigh den Eoraip féin. Ar an dtríú dul síos, bhí na saoránaigh i bhfabhar tuilleadh éagsúlú a dhéanamh maidir le foinsí allmhairiúcháin. Agus na moltaí sin á gceapadh acu, thagair na rannpháirtithe a bhí ag glacadh páirt sa phlé go leanúnach don tSín mar thosca: na bagairtí slándála a bhaineann le táirgí Síneacha, an spleáchas ar sholáthar amhábh ar ón tSín chun táirgí ardteicneolaíochta a mhonarú, agus cleachtas na Síne teicneolaíochtaí a chóipeáil nó a ghoid ó chuideachtaí an Iarthair atá ag feidhmiú ina margadh. Tugadh sé vóta eile (‘tábhacht phearsanta ag baint leis’) don togra chun **comhar eacnamaíoch agus daonnúil ón Aontas le tíortha na hAfraice Thuaidh a fhorbairt**, ó tharla go bhfuil sé tábhachtach go laghdófaí tionchar na Síne, chomh maith le tionchar na Rúise agus tíortha eascairdiúla eile, sna tíortha sin.

Cuireadh an inní a bhí ar na saoránaigh faoi shaincheisteanna imirce in iúl i dtorthaí na vótála freisin. I réimse an bheartais eachtraigh, bhain dhá cheann de na trí chonclúidí a fuair an líon is mó vótaí leis an imirce. Vótáil naonúr rannpháirtithe i bhfabhar an togra gur cheart don **Aontas breathnú arís ar chóras cuótaí éigeantacha imirceach a bhunú do na Ballstáit** (chuir siad i dtreis go láidir go raibh tábhacht faoi leith ag baint leis an togra seo don Eoraip ina hiomláine). Bhí na rannpháirtithe a leag amach an chonclúid sin i bhfabhar cuótaí náisiúnta a bhunú maidir leis an daonra agus cómhaoiniú ón Aontas a leithdháileadh chun aire a thabhairt do na himircigh a dháiltear de réir na gcuótaí. Vótáil seachtar rannpháirtithe eile i bhfabhar an togra chun **buainchoimisiún feidhmiúil a bhunú ar leibhéal an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna imirce, chuig a tharmligfí ionadaithe ó na Ballstáit** (mheas triúr rannpháirtithe go raibh tábhacht faoi leith ag baint leis an togra don Eoraip ina hiomláine agus dúirt ceathrar rannpháirtithe go raibh tábhacht ag baint leis dóibh féin go pearsanta). Chuir na rannpháirtithe i bhfios go láidir go mbeadh comhlacht mar sin in ann dlús a chur le freagairt an Aontais ar ghéarchéimeanna imirce, agus go mbeadh sé in ann, ag an am céanna, cothromaíocht iomchuí a chinntiú idir prionsabail chomhchoiteanna an Aontais agus ceart na mBallstáit a leasanna náisiúnta agus a slándáil a chosaint.

Le linn an phlé maidir leis an mbeartas imirce, phléigh na rannpháirtithe dhá ghéarchéim dhifriúla maidir le sreabha imirce a bhainistiú: an ghéarchéim imirce sa Mheánmhuir in 2016 agus an t-ionsaí hibrídeach a rinne an Bhealarús ar an Liotuáin, ar an Laitvia agus ar an bPolainn in 2021, nuair a tháinig Mionsc i dtír ar shreabha imirceach ón Meánoirthear agus ón Afraic. Dúirt cuid de na rannpháirtithe ar an bpainéal gur cheap siad go raibh géarchéim 2016 i bhfad uathu agus nár bhain sí leo, sé sin, nár bhain an ghéarchéim leo féin ná leis an Liotuáin ina hiomláine, agus nár shíl siad go an togra, a cuireadh ar aghaidh den chéad uair ag an am sin chun córas cuótaí imirceach a bhunú, iomchuí. De réir na rannpháirtithe, díriodh aird ar chúrsaí imirce in Oirthear na hEorpa mar thoradh ar an ionsaí hibrídeach agus breathnaíodh ar chuótaí arís mar ionstraim iomchuí, éifeachtach, bunaithe ar dhlúthpháirtíocht, le haghaidh an bheartais imirce. Chuir roinnt rannpháirtithe i bhfios go láidir go raibh sé deacair idirdhealú a dhéanamh idir dídeanaithe, imircigh agus daoine ar bagairt slándála iad a bhí ag teacht isteach ar chríoch na Liotuáine nuair a bhuaíl an ghéarchéim in 2021. Chomhaontaigh na rannpháirtithe uile sa díospóireacht nach dtugtar go leor airde ar na bagairtí a thugtar leis an imirce, ar leasanna náisiúnta na mBallstát, ar acmhainneacht na mBallstát na himircigh a lánpháirtíú, etc. sa bheartas imirce ‘oscailte’ atá ag an Aontas faoi láthair. Cháin na saoránaigh an tAontas as an bhfreagairt mhall nó dhiúltach a thug sé ar riachtanais na Liotuáine freisin, agus cháin siad é mar gur dhiúltaigh sé maoiniú a thabhairt chun bacainn a thógáil ar an teorainn sheachtrach.

Ar deireadh, tá an dá shaincheist beartais is suntasaí ó thaobh na Liotuáine in 2021 - an caidreamh leis an tSín agus bainistiú na sreabh imirce - ag spreagadh saoránaigh na Liotuáine chun a iarraidh ar an Aontas a bheith níos rannpháirtí agus go mbeadh comhbheartas níos éifeachtaí ann. Is ábhar inní do na saoránaigh beartas na Síne agus an tionchar méadaitheach atá á imirt ag an mbeartas sin san Eoraip agus i

gcomharsanacht an Aontais. Ní mór a admháil go gcuirtear iallach ar an Eoraip féachaint le bearta beartais iomchuí cothroma a cheapadh mar gheall ar thionchar eacnamaíoch na Síne. Dar leis na saoránaigh gurb é an réiteach is fearr ionstraimí chomhbheartas eachtrach AE, an beartas tionsclaíoch agus comhar le comharsana a neartú. Ar an gcaoi chéanna, shainaithin na saoránaigh gníomhaíocht aontaithe ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear córas cuótaí nua féideartha d'imirce, mar an bealach is iomchuí chun na bagairtí slándála a thugtar le himirce a sheachaint agus chun na sreabha imirce chun na hEorpa bhainistiú go gasta agus go héifeachtach. Bhí na rannpháirtithe ar an bPainéal Saoránach den bharúil gur comhbheartas AE níos comhordaithe an dóigh is fearr chun freagairt ar an mbrú méadaitheach ón tSín agus ar an ionsaí hibrideach a rinne an Bhealarúis.

Is féidir barúlacha rannpháirtithe an phainéil maidir leis na géarchéimeanna sin a chur i gcomparáid lena dtograí maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an mbeartas fuinnimh agus aeráide. Ag deireadh 2021, bhí cuid mhór de shaoránaigh na Liotuáine ag déileáil le costais ardaithe teasa, agus go tobann, bhí géarchéim na bpraghsanna fuinnimh ar cheann de na saincheisteanna ba thábhachtaí sa tír. Cuireadh na hábhair inní sin faoi phraghsanna fuinnimh in iúl sa dóigh ar vótáil rannpháirtithe an phainéil freisin: vótáil naonúr saoránach fiú i bhfabhar na conclúide gurb iad na praghsanna fuinnimh an chloch is mó ar a paidrín ag an Eoraip ina hiomláine. Mar phríomh-mholadh, mhol na rannpháirtithe **athbhreithniú a dhéanamh ar chleachtais reatha na mBallstát maidir le conarthaí soláthair fuinnimh a thabhairt i gcrích le soláthraithe difriúla d'fhonn conarthaí fadtéarmacha agus gearrthéarmacha araon a thabhairt i gcrích**. Is é sin le rá, gur thacaigh na saoránaigh le beartas éagsúlaithe fuinnimh, ach nach ndearna siad aon mholtaí le haghaidh comhbheartas AE agus nár mhol siad an comhbheartas fuinneamh a chomhtháthú a thuilleadh.

A mhéid a bhaineann leis an mbeartas aeráide, mhol na saoránaigh **bearta an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a mheas i dtéarmaí an tionchair shocheacnamaíoch a mheastar a bheith aige agus a uaillmhianáí a mheastar a bheidh sé**. Vótáil seisear rannpháirtithe i bhfabhar an togra sin, agus dúirt siad uile go tábhacht phearsanta ag baint leis. Bhí inní ar roinnt rannpháirtithe go raibh 'an t-aistriú glas' á dhéanamh róghasta agus d'áitigh siad nach mór don Liotuáin grinnmheasúnú a dhéanamh le fáil amach an ndéanfadh beartais mar sin dochar do riachtanais na tíre agus a cuid saoránach. Tharraingt roinnt rannpháirtithe aird ar an ngá atá le fuinneamh núicléach agus gás nádúrtha a úsáid in éineacht le foinsí inathnuaite fuinnimh freisin. Chun tacú lena seasamh, thagair siad do chinneadh na Gearmáine leanúint de ghás nádúrtha a úsáid agus leas a bhaint as an bpoitéinseal atá ag an nglúin nua de ghléasraí cumhachta núicléiche modúlacha, mar a thugtar orthu. Agus an beartas aeráide á phlé acu, thug rannpháirtithe an phainéil tús áite do bheartais na mBallstát a ceapadh chun freastal ar riachtanais náisiúnta, seachas do chomhbheartas uaillmhianach AE maidir le rialachas aeráide.

Ó tharla gur líon réasúnta beag rannpháirtithe a bhí ar an bPainéal agus go bhfuarthas freagraí difriúla ó na saoránaigh (gníomhaíocht níos aontaithe nó níos mó solúbthachta) maidir le cineálacha difriúla géarchéimeanna, ní bheadh sé iomchuí bearta níos ginearálta agus cinn a chuirtear i bhfeidhme ar bhonn níos forleithne a mheas anseo. Mar sin féin, d'fhéadfadh topaicí suimiúla le haghaidh tuilleadh taighde ar dhearthaí shaoránaigh na Liotuáine i leith saincheisteanna a bhaineann lánpháirtíú san Aontas teacht as an treo sin sna tuairimí, agus ba cheart athruithe agus difríochtaí i ndearthaí na saoránach i leith beartas uathrialacha an Aontais agus bearta institiúideacha a chur san áireamh.

4. Torthaí an Phainéil Saoránach i gcomhthéacs níos leithne thuairimí an phobail Liotuánaigh

Chun torthaí an Phainéil Saoránach Náisiúnta a chur i gcomhthéacs, sa chuid dheireanach seo den tuarascáil cuirtear na torthaí sin i gcomparáid go hachomair le torthaí an dá phobalbhreith ábhartha agus le torthaí eatramhacha gníomhaíochtaí ullmhúcháin eile don Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa. Is [suirbhé](#) ar shaoránaigh é an chéad phobalbhreith a scrúdaítear sa chuid seo den tuarascáil, ar rinne Eorabharaiméadar i mí Dheireadh Fómhair agus mí na Samhna 2020 maidir leis an gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa. Is é an [suirbhé](#) Eorabharaiméadair Chaighdeánaigh is déanaí, a rinneadh i rith an tsamhraidh in 2021, atá sa dara ceann. Ó tharla gur díriodh ar ábhair bheartais eile agus ar ionchais na saoránach maidir leis an gcomhdháil féin i gcodanna de na suirbhéanna sin, déantar na comparáidí seo a leanas i ndáil leis na saincheisteanna tráthúla a chlúdaigh an painéal. Bunaítear an anailís ar na gníomhaíochtaí ullmhúcháin don Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa ar an gcéad tuarascáil maidir leis na gníomhaíochtaí sin ó EESC, ina leagtar amach tuairimí na saoránach rannpháirteach maidir le réimse leathan saincheisteanna beartais AE.

Tugtar le fios i dtorthaí suirbhéanna Eorabharaiméadair gur léiriú cothrom iad pléití agus pátrúin vótála rannpháirtithe an Phainéil Saoránach ar thuairimí na sochaí sa Liotuáin. Tá na moltaí ó rannpháirtithe an phainéal maidir leis an gcomhbheartas eachtrach agus imirce agus cuid den chinnteoireacht ar leibhéal an Aontais a neartú ag teacht lena bhfuil sna pobalbhreitheanna níos leithne:

- Tá saoránaigh na Liotuáine níos i bhfách le comhbheartas cosanta AE ná mar atá an meán Eorpach (90 % agus 78 % faoi seach);
- Tá saoránaigh na Liotuáine níos i bhfách le comhbheartas imirce AE ná mar atá an meán Eorpach (76 % agus 71 % faoi seach; ba cheart corrlach earráide féideartha a léiriú in éineacht leis an difríocht sin);
- Dar le saoránaigh na Liotuáine go bhfuil an imirce ar cheann den dá dhúshlán is mó atá roimh an Aontas;
- Tá saoránaigh na Liotuáine níos i bhfách le réitigh ar leibhéal an Aontais (49 % i gcomparáid le 42 %).

Leag saoránaigh na Liotuáine a ghlac páirt sna himeachtaí ullmhúcháin don Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa béim freisin ar a thábhachtaí atá an comhar cosanta, comhbheartas imirce AE agus beartas eachtrach AE mar réimsí ina mbeadh an Liotuáin ag súil le níos mó rannpháirtíochta ón Aontas.

Féadfaidh na sonraí ó shuirbhéanna Eorabharaiméadair míniú a thabhairt ar thuairimí rannpháirtithe an phainéal maidir leis an gcaidreamh leis an tSín agus le praghsanna fuinnimh: Bhí muintir na Liotuáine níos inníche ná an meán Eorpach faoi gcaidreamh atá ag éirí níos measa idir tíortha na cruinne agus na teannais gheopholaitiúla atá ann mar thoradh air sin (33 % i gcomparáid le 18 %). Tá na conclúidí ó rannpháirtithe an phainéal maidir leis an ngá atá le comhbheartas níos uailmhianai a fhorbairt i leith na Síne ag teacht leis na torthaí sin agus leis an tacaíocht thuasluaite don chinnteoireacht ar leibhéal an Aontais agus do chomhbheartas cosanta AE. Ar an taobh eile, d'fhéadfadh nasc a bheith idir an imní atá ar rannpháirtithe an phainéal faoi theacht ar réitigh éagsúla chun praghsanna fuinnimh a laghdú agus an dóigh a bhfuil muintir na Liotuáine níos inníche ná mar atá an meán Eorpach faoi arduithe ó thaobh boilsciú agus praghsanna de (53 % agus 23 %). Agus ráta boilscithe ag ardú, is cosúil gur thábhachtaí srian a choinneáil ar arduithe praghsanna ná comhbheartais AE a fhorbairt nó cuspóirí beartais eile.

Léirítear athrú suimiúil i ndearccháí shaoránaigh na Liotuáine i leith na himirce mar fhadhb pholaitiúil sna sonraí ó Eorabharaiméadar freisin. Sa suirbhé a rinneadh in 2020, dar le céatadán níos lú de shaoránaigh na Liotuáine gurb í an imirce an dúshlán ba mhó roimh thodhchaí an Aontais i gcomparáid leis an meán Eorpach (16 % in aghaidh 27 %); ach sa suirbhé a rinneadh in 2021, d'ardaigh an cion d'fhreagróirí ón Liotuáin a shainaithin an imirce mar an fhadhb is mó ag an Aontas go 32 % (an meán Eorpach: 25 %). Cé go bhféadfadh an t-athrú tuairime sin a bheith mar gheall ar dhifriochtaí i bhfoclaíocht na ceiste, tá sé ag teacht leis na léargais a thug na rannpháirtithe sa phlé a rinneadh sa Phainéal Saoránach maidir leis an gcaoi ar tháinig siad ar a dtuairimí faoi shaincheisteanna imirce.

Ina theannta sin, léirítear difríocht idir dearcadh réasúnta cáiréiseach rannpháirtithe an phainéal i leith beartas aeráide AE agus an imní atá ar shaoránaigh na Liotuáine faoin athrú aeráide sa chomparáid a rinneadh ar na torthaí ón bPainéal Saoránach agus sna sonraí ó suirbhé Eorabharaiméadair. Cé gur iarr rannpháirtithe an phainéal go ndéanfaí measúnú chun a fháil amach an bhfuil an Comhaontú Glas don Eoraip ró-uailmhianach agus an bhféadfadh sé dochar a dhéanamh do leasanna na Liotuáine, luaigh muintir na Liotuáine i gcónaí go raibh an t-athrú aeráid ar cheann de na dúshláin ba thábhachtaí atá roimh an Aontas, de réir shuirbhéanna Eorabhairiméadair. Sa suirbhé a rinneadh in 2020, dúirt 47 % d'fhreagróirí sa Liotuáin go raibh an aeráid ar an dúshlán domhanda is mó roimh thodhchaí an Aontais (meán Eorpach: 45 %); sa suirbhé a rinneadh in 2021, is 28 % d'fhreagróirí sa Liotuáin a dúirt gurb í an aeráid an dúshlán domhanda is mó roimh thodhchaí an Aontais (meán Eorpach: 25 %). Ba cheart a chur i bhfios go láidir gur thagair na saoránaigh a bhí rannpháirteach sna himeachtaí ullmhúcháin eile don Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa don bheartas aeráide mar cheann de na réimsí inar cheart leis an Liotuáin a bheith ag súil le níos mó rannpháirtíochta ón Aontas. D'fhéadfaí an difríocht sin a mhíniú tríd an méid a spreag rannpháirtithe an phainéal vóta a chaitheamh: léirigh na rannpháirtithe uile a vótáil le haghaidh an mholta chun bearta an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a athscrúdú go raibh tábhacht ag baint leis an topaic dóibh féin go pearsanta. Ciallaíonn sé sin go bhféadfadh sé nach mbeadh freasúra pearsanta comhoiriúnach leis an tuairim go bhfuil an t-athrú aeráide ar cheann de na dúshláin beartais is tábhachtaí atá roimh an Aontas Eorpach.